


Ag cur síolta – sa rang & taobh amuigh



Tráth Bliana

Márta go Meitheamh agus Deireadh Fómhair
(má tá tollán polaitéine sa scoil)

Cuspóir

Síolta a chur i bpotaí sa rang agus san ithir lasmuigh.

An bhaint le Gnéithe Éagsúla den Churaclam

OSIE:	Dúile beo, feasacht & cúram imshaoil, taifeadadh, breathnú.
Tíreolaíocht OSPS:	Tír dhúchais na bplandaí.
Stair OSPS:	Stair na talmhaíochta.
Matamaitic:	Tomhas, comhaireamh, meastachán, taifeadadh, foghlaim ghníomhach.
Litearthacht:	Scribhneoireacht, litriú.
Ealaíon:	Líníocht, ag déanamh comharthaí.
Curaclam Neamhfhoirmiúil:	Discover Primary Science.



1


Acmhainní atá de dhíth

Síolta agus treoracha lena gcur, potaí nó tráidirí nó cartáin athchúrsáilte nó sorcóirí rollaí páipéar leithris (is féidir iad a chur in éineacht leis na síolta mar go bhfuil siad bith-indíghrádaithe) múirín gan mhóin, miotóga, cipíní líreacáin nó cipíní, pinn, lipéid, málaí plaisteacha (roghnach ach laghdaíonn sé an méid uisce a chaithtear a chur orthu), ceamara, dialann le dátaí a thaifead inti.

2

Cén uair a cheart tosú ag cur síolta?

- Márta go Meitheamh. De ghnáth, cuirtear síolta sa Márta/Aibreán lena mbaint i Meitheamh. Beidh síolta a chuirfear i mBealtaine/Meitheamh réidh le baint i Meán Fómhair.
- Scaip an síol ionas go mbeidh glasraí éagsúla le baint agus le n-ithe le linn na scoilbhliana.
- Is féidir le gach aois ghrúpa síol a chur. Bíonn lusanna na gréine agus puimcíní oiriúnach do naónáin.
- Má tá tollán polaitéine nó teach gloine sa scoil beidh tú in ann síolta a chur ag amanna eile- ar nós piseanna, pónairí leathana agus oinniúin a chur i mí Deireadh Fómhair.



Fás faoi bhia agus ghairneoireacht na hÉireann

Bord Bia
Irish Food Board

Garraíodóireacht Orgánach sa Bhunscoil
Ag cur síolta – sa rang & taobh amuigh

Tionscadail tapa agus éasca le síol a chur - Laistigh

Sláinte agus Sábháilteachta

Fan le do ghrúpa. Bí cúramach le huirlisí. Nigh do lámha i ndiaidh gach seisiúin sa gharraí.

1

Cad iad na síolta atá oiriúnach le cur laistigh?

- Piseanna (le cur ó Mhárta go Meitheamh, freisin i nDeireadh Fómhair i dtollán, réidh le baint faoi cheann 10 seachtainí).
- Lusanna na gréine (le cur ó Mhárta go Bealtaine).
- Puimcíní (le cur ó Aibreán go Meitheamh, réidh le baint faoi cheann 24 seachtain).
- Trátaí (le cur Feabhra go Márta, réidh le baint faoi cheann 20 seachtain).
- Spionáiste (le cur Márta go Lúnasa, réidh le baint i 7-14 seachtain).
- Sailéid ilchineálacha agus leitís (le cur Márta go Iúil, réidh faoi cheann 6-12 seachtain).

2

Conas a chuirimid síolta i bpotaí laistigh?

- Ceannaigh cineálacha dífriúla síolta (agus iarr ar thuismitheoirí aon síolta a bheadh le cois acu a thabhairt isteach).
- Lean na treoracha atá ar chlúdach na síolta nó téigh i gcomhairle leabhair nó an idirlín.
- Líon potaí agus trádairí le múirín.
- Cuir uisce ar an múirín – cuir tuilleadh múiríne leis má laghdaíonn sé sa phota.
- Croith na síolta amach i do ghlac. Déan cinnte go mbíonn do lámha glan & tirim.
- Más síolta móra iad (lus na gréine nó pis) ná cuir ach ceann i ngach aon phota.
- Más síolta beaga iad (leitís nó spionáiste), croith roinnt acu sa mhúirín.
- Clúdaigh na síolta le múirín tirim – inseoidh na




treoracha duit cé chomh domhain ba chóir iad a chur ach treoir ghinearálta is ea más síolta móra iad ní mór iad a chur níos doimhne.

- Ná cuir uisce anuas orthu – má tá na síolta beag d'fhéadfaidís a theacht chuig an mbarr agus go scuabfaí chun bealaigh iad.
- Cuir lipéad ar an bpota nó ar an tráidire le hainm an tsíl agus cineál agus an dáta.
- Clúdaigh na potaí nó tráidirí le mála plaisteach nó go bpéacfaidh siad (laghdóidh seo an méid uisce a chaitear a chur orthu mar go gcoinníonn an comhdhlúthú tais agus te iad).
- Péacfaidh siad go tapa i seomra ranga te – féach orthu gach lá.
- Chomh luath is a phéacfaidh siad bain díobh an mála plaisteach nó gheobhaidh siad fadchosach agus is mó seans go gcaillfear iad.
- Cuir uisce ar na potaí nó na tráidirí ón íochtar. Leag potaí nó tráidirí sa doirteall nó i mbabhla lán le uisce nó go mbeidh an múirín tais.
- Tosaigh ag cruachan na bplandaí i mBealtaine. Mura bhfuil fráma fuar agat leag taobh amuigh iad tríd an lá agus leag isteach arís iad sula ndúnfaidh an scoil gach lá ar feadh seachtaine ar a laghad.
- Tá cur lasmuigh clúdaithe sa bhilleog oibre Ag Cur Lasmuigh.

Fás faoi bhia agus ghairneoireacht na hÉireann

Bord Bia
Irish Food Board




Garraíodóireacht Orgánach sa Bhunscoil
Ag cur síolta – sa rang & taobh amuigh

Tionscadail tapa agus éasca le síol a chur – Taobh Amuigh

Sláinte agus Sábháilteachta

Fan le do ghrúpa. Bí cúramach le huirlisí. Nigh do lámha i ndiaidh gach seisiúin sa gharraí.



1

Cad a dhéanaimid le síolta taobh amuigh?

- Lean na treoracha atá ar chlúdach na síolta nó téigh i gcomhairle leabhair nó an idirlín.
- Saothraigh agus ullmhaigh an ithir mar is gá, m.sh. fásann cairéid go maith in ithir a bhfuil gainneamh inti agus ní fhásann siad rómhaith in ithir a mbeadh aoileach.
- Má bhíonn an ithir tirim, cuir uisce uirthi roimh chur na síolta – má chuireann tú uisce uirthi i ndiaidh na síolta a chur d'fhéadfadh siad a theacht chuig an mbarr agus go scuabfaí chun bealaigh iad.
- Marcáil na hiomairí le cipíní líreacáin nó cipíní.
- Más ag cur síol cairéad nó biatais atá tú – déan clais éadomhain le lián.
- Más ag cur síolta níos mó atá tú déan poll le do mhéar nó le lámh an liáin.
- Croith na síolta amach i do ghlac. Déan cinnte go mbíonn do lámh glan & tirim.
- Ansin croith sa chlais nó sa pholl iad.
- Clúdaigh na síolta le hithir de réir an doimhne a deirtear ar chlúdach na síolta agus déan lipéid do na hiomairí.
- Níor cheart go mbeadh an oiread uisce ag teastáil ó shíolta a chuirtear laistigh – féach go rialta orthu.



2

Cad iad na síolta atá oiriúnach le cur taobh amuigh?

- Raidisí (Márta go Meán Fómhair, réidh i 4-6 seachtain).
- Biatas (le cur ó Mhárta go Iúil, réidh le baint i 12 seachtain).
- Cairéid (le cur ó Fheabhra go Iúil, réidh faoi cheann 12 seachtain).
- Scailliún (le cur ó Mhárta go Bealtaine agus ó Lúnasa go Meán Fómhair, le baint i 12 seachtain)
- Piseanna (le cur ó Mhárta go Meitheamh, réidh le baint i 10 seachtain).
- Cainneanna (le cur ó Eanáir go Aibreán, réidh le baint i 32 seachtain; barr Geimhridh).
- Gráin (braitheann sé ar an ngrán atá i gceist – is féidir iad a chur san Earrach nó sa bhFómhar).

3

Acmhainní Eile

Roth Pleanála do Ghlasraí Orgánacha
– le fáil ó www.ecotopia.co.uk

Focail nua taighde:

FRÁMA FUAR

CRUACHAN

LOBHADH TALÚN

